COMHDHÁIL
IONADAITHE
RIALTAIS
NA mBALLSTÁT

An Bhruiséil, 13 Iúil 2022
(OR. fr)

PUBLIC

10364/22

LIMITE

JUR 431
INST 239
COUR 26

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT lena gceaptar Breithiúna den Chúirt Ghinearálta |

**CINNEADH (AE) 2022/…**
**Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT**

**an …**

**lena gceaptar Breithiúna den Chúirt Ghinearálta**

PUBLIC

TÁ IONADAITHE RIALTAIS BHALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 254 agus 255 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá téarma oifige 26 Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta le dul in éag an 31 Lúnasa 2022. Ba cheart, dá bhrí sin, ceapacháin a dhéanamh do na poist sin don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2028.

(2) Moladh go ndéanfaí athnuachan ar théarmaí oifige Ioannis DIMITRAKOPOULOS, Gerhard HESSE agus Tihamér TÓTH mar Bhreithiúna den Chúirt Ghinearálta.

(3) Moladh go gceapfaí Elisabeth TICHY-FISSLBERGER don chéad téarma oifige mar Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta.

(4) Thug an painéal a cuireadh ar bun faoi Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh tuairim fhabhrach uaidh ar oiriúnacht na n-iarrthóirí sin chun feidhmeanna Breithimh den Chúirt Ghinearálta a fheidhmiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas ina mBreithiúna den Chúirt Ghinearálta don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2028:

– Ioannis DIMITRAKOPOULOS,

– Gerhard HESSE,

– Elisabeth TICHY-FISSLBERGER,

– Tihamér TÓTH.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*An tUachtarán*

PUBLIC